

Maidin mhaith/tráthnóna maith gach duine. XXX is ainm dom agus tá mé ag obair go deonach le Trócaire. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Athair XX as an deis a thabhairt dom labhairt libh inniu faoi achainí Thrócaire do Charghas 2023, bliain thar a bheith speisialta do Thrócaire agus muid ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód.

nó

An deireadh seachtaine seo, tá ár n-aitheasc ar son Trócaire, gníomhaireacht forbartha thar lear na hEaglaise Caitlicí in Éirinn atá ag ceiliúradh 50 bliain ar an bhfód i 2023.

Is í Nasteha Mahat, 8 mbliana d'aois, as ceantar Gedo sa tSomáil in Oirthear na hAfraice a bheidh ar bhosca Trócaire sa bhliain chomórtha seo. Bhí ar theaghlach Mahat a bhfeirm agus a sráidbhaile a fhágáil nuair a fuair an ceann deireanach dá ngabhar bás de bharr triomach agus ní raibh tada beo fágtha acu. Roinnt míonna roimhe sin, fuair deirfiúr Nasteha, Ardo, a bhí dhá bhliain d'aois, bás den tart.

Bhí ar Nasteha, lena tuismitheoirí Mahat agus Ambiyó agus a deirfiúracha, siúl ar feadh trí lá gan mórán bia ná uisce. Bhí Ambiyó, a máthair, 5 mhí ag iompar clainne agus bhí cúpla aici cheana féin nach raibh iontu ach lapadáin, duine acu fáiscthe chun tosaigh, an ceann eile ar a droim. Tar éis an turais tuirsiúil dian sin, shroich an teaghlach campa do dhaoine díláithrithe go himheánach i Dollow i réigiún Gedo sa tSomáil áit a bhfuil Trócaire ag rith na seirbhíse sláinte le 30 bliain. Go deimhin, tá cáil ar Trócaire go háitiúil mar mháthair Gedo, mar gheall ar ár dtiomantas leanúnach do chúram sláinte agus do na daoine ann.

Nuair a saolaíodh páiste d'Ambiyó níos déanaí ar urlár an scáthláin garbh sa champa d'éirigh sí uafásach tinn ina dhiaidh sin, ach bhí Trócaire ar fáil chun cóir mhaith a chur uirthi agus tháinig sí slán.

Deir ár bhfoireann i Gedo linn gur cailín láidir acmhainneach í Nasteha, rud a chuimsíonn spiorad a tuismitheoirí i ndáiríre, atá fós beo in ainneoin gach uile rud a bheith ina gcoinne, agus iad ag súil le teacht ar bhealaí nua ionas gur féidir leo soláthar a dhéanamh dá muintir agus ioncam a thuilleamh le gur féidir leo oideachas a chur ar a gcuid gasúir. Is féidir le do thacaíocht cuidiú leo an fhís sin a chomhlíonadh.

Tá teaghlach Nasteha ar cheann de na mílte teaghlach sa tSomáil atá i mbéal an bháis leis an ocras de bharr triomach fada gan staonadh, triomach a scrios barra agus beostoc agus a d'fhág nach raibh de rogha ag na daoine ach a dtithe agus a bhfeirmeacha a fhágáil ar thóir cúnaimh. Seans go bhfuil tuairiscí feicthe agaibh ar an teilifís le míonna beaga anuas faoin ngéarchéim uafásach ansin a d'fhág 7.8 milliún duine, níos mó ná leath de dhaonra na tíre, i mbaol ocrais. Tá géarghá agus práinn ag baint leis an gcás, ní féidir linn droim láimhe a thabhairt dóibh.

Is é an sliocht scríoptúrtha atá ar an mbosca i mbliana ná 'Coinnigh go daingean leis an ngrá agus leis an gceartas' – as leabhar Hosea. Agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil libhse agus le bhur dteaghlach ó mo chroí as an grá agus an ceartas a choinneáil slán trí bhur dtacaíocht fhlaithiúil d'obair Thrócaire le 50 bliain anuas.

Tá Trócaire tar éis cuidiú le saol na milliún duine a athrú le leathchéad bliain anuas ag obair trí chomhpháirtithe iontacha áitiúla ar an talamh agus le muintir na hÉireann. Is libhse Trócaire agus tá sé ag obair ar son gach duine agaibh anseo inniu.

Is iad na luachanna misnigh, dóchais agus nirt an fáth go díreach a bhunaigh Easpaig na hÉireann Trócaire 50 bliain ó shin agus sa lá atá inniu tá na luachanna sin níos ábhartha agus níos riachtanaí ná riamh.

Iarraim oraibh inniu guí ar son na síochána agus guí ar son theaghlach Mahat agus ar son na dteaghlach eile go léir atá buailte ag coimhlint agus athrú aeráide ar fud an domhain.

Cuimhnimid ar na mílte duine a maraíodh nó a gortaíodh le déanaí sna creathanna talún sa tSiria agus sa Tuirc. Scriosadh foirgnimh agus rinneadh slad ar an mbonneagar. Tá Trócaire ag obair lenár bpáirtí Caritas Syria ag tacú leo siúd atá buailte ag an tragóid uafásach seo.

Cuimhnimid ar na daoine san Úcráin agus i dtíortha eile a bhfuil tionchar ag coimhlint orthu lena n-áirítear an tSúdáin Theas, an tSomáil agus Poblacht Dhaonlathach an Chongó, agus guímid ar son na milliún duine ar fud an domhain atá i ngéarchéim agus atá i mbaol go ndéanfaí dearmad orthu agus go bhfágfaí taobh thiar iad.

Is tráth é an Carghas nuair a bhíonn an deis againn ár dtacaíocht a thabhairt arís dár ndeartháireacha agus deirfiúracha ar fud an domhain trí Achainí Charghais Thrócaire. [Thug do Pharóiste/Deoise €1 ar an Charghas Deireanach. Gabhaimid míle buíochas leat as an bhflaithiúlacht sin].

Tá do chabhair ag teastáil anois níos mó ná riamh, mar sin le do thoil tabhair leat bosca Thrócaire inniu nó téigh ar líne chuig [Trocaire.org](http://Trocaire.org) le fáil amach cén chaoi is féidir leat síntiús a thabhairt. Tá cód QR le fáil ar bhosca mór na bliana seo anseo ar an altóir más mian leat scanadh a dhéanamh roimh dhul abhaile inniu.

Le breis agus leathchéad bliain, tá bhur gcúnamh tar éis cuidiú leis na milliúin daoine agus pobail leochaileacha ar fud an domhain, pobail agus daoine ar nós teaghlach Mahat i réigiún Gedo sa tSomáil.

Cabhróidh do thacaíocht leanúnach linn leanúint ar aghaidh leis an obair ríthábhachtach seo agus leanúint ar aghaidh ag athrú saoil daoine eile.

Go raibh maith agat.